

# ☘ An Lúibín ☘

28 Iúil 2018

## Liosta liteartha

Ní mór gaisce cultúrtha na nÉireannach agus a sleachta sa ré nua a mholadh go hard: seanteanga a ligean uathu, cultúr na sean a ligean le sruth, agus teanga nua a tharraingt chucu le fonn agus le héifeacht. Litríocht nua spleodrach a chumadh, gach gné dá saol a chur in oiriúint d'athrach meoin agus saoil. Tosú as an nua agus é a dhéanamh le dúthracht. Ar éigean a bheadh a fhios agat go raibh stair eile in áit éigin, í curtha go cliste i bhfolach. Gaisce.

Is iomaí duine a thug le fios ó shin go raibh an téilireacht le hóc, ar dhóigh nó dhóigh eile: go háirithe trí dhearmad nó leathdhearmad a dhéanamh ar mhíle bliain de litríocht. Tig linn a áitiú, ar ndóigh, nach raibh an dara rogha ann agus claochlú teanga déanta. Tá mionlach ann agus suim acu ina bhfuil cailte, cuid acu ar a ndícheall ag iarraidh an bhris a thabhairt isteach. Ní mar sin don fhormhór agus ní cóir a bheith: tá bóthar eile rompu.

Ach cuimhnimis air seo: an oiread sin scoláirí a bheith ann, in Éirinn agus thar lear, a bhfuil scoth eolais acu ar litríocht Bhéarla na hÉireann. Swift, úrscéalaithe an 19ú haois, Yeats, Joyce, O'Flaherty, agus a lán eile. Ach dá n-iarrfaí orthu roinnt scríbhneoirí nótaílte Gaeilge de chuid an 17ú haois, an 16ú haois nó an 15ú haois a ainmniú, rachadh sé rite leo é a dhéanamh. Ní á chasadh leo é: baineann na scoláirí úd le saol arbh éigean dó a chuimhne a chailleadh chun é féin a dhaingniú.

Fágann sin go mbeadh fónamh le baint as liosta gearr fánach d'údair stairiúla Ghaeilge, agus cead ag cách cur leis. Ós rud é gur beag aird a thug scoláirí ar mhná sa seantraidisiún scríofa go dtí le déanaí, tá roinnt ban ar an liosta. Orthu sin tá Albanach a scríobh sa chanúint léannta a bhí á húsáid ar fud an limistéir Ghaelaigh: aon litríocht amháin a bhí ag na Gaeil, thuaidh agus theas.

Tá saothar cuid mhaith de na scríbhneoirí seo le fáil ag <https://celt.ucc.ie/itbardic.html>.

An 14ú haois:

**Gofraidh Fionn Ó Dálaigh** (-1387). Duine de na filí ba mhó clú lena linn agus ina dhiaidh sin. É ina eiseamláir ag na scoileanna léinn.

**Gearóid Iarla** (1335-1398). Duine uasal de na Gall-Ghaeil, é oilte ar fhilíocht a scríobh i nGaeilge agus i bhFraincis.

An 15ú haois:

**Tadhg Óg Ó Huiginn** (-1448). Cáil air lena linn. É ina eiseamláir sna téacsanna.

An 16ú agus an 17ú haois:

**Aonghus Fionn Ó Dálaigh** (c. 1528-c. 1602). Baint aige, is dócha, leis an gcraobh de mhuintir Dhálaigh a bhí ina bhfilí ag Cárthaigh Dheasmhumhan. Cáil ar a chuid dánta diaga.

**Eochaidh Ó hEoghusa** (c. 1558-1612). Duine de na filí ab fhearr lena linn. É an-léannta. Lé aige leis an seansaol Gaelach, saol a bhí ag imeacht lena linn.

**Tadhg Dall Ó Huiginn** (1550-1591). Clú na grástúlachta agus ar a shaothar. E ina eiseamláir.

**Isibeul Ní Mhic Cailín** (c. 1499-?). Cuntaois Earra-Ghàidheil. Trí dhán léi ar marthain, iad scríofa i nGaeilge oilte na 'scoileanna,' canúint na bhfilí in Albain agus in Éirinn araon.

**Piaras Feiritéar** (c. 1600-1653). File, saighdiúir agus pearsa mhór sa bhéaloideas.

**Dáibhí Ó Bruadair** (1625-1698). File an-chumasach a bhí gafa i saol suaite a linne. É oilte ar an sean-nós.

**Pádraigín Haicéad** (c. 1604-1654). Dánta grástúla géara scríofa aige. É ina shagart. É líofa sa Ghaeilge, sa Bhéarla agus sa Laidin, agus i gcúpla teanga eile, is dócha.

**Seathrún Céitinn** (c. 1580-1644). Sagart, staraí clúiteach, conspóidí agus file.

**Brighid Nic Gearailt** (c. 1589-1682). De ghinealach measctha í: iníon le hÉinrí, an 12ú hIarla Chill Dara agus le Frances Howard, iníon Iarla Nottingham. Filíocht ghreanta scríofa aici.

**Fionnghuala Domhnaill Uí Bhriain** (c. 1557-1657). Maireann caoineadh ealaíonta liteartha dá cuid.



## Cois Life agus léitheoirí na Gaeilge

Cé léann leabhair Ghaeilge? Ag Dia atá a fhios, mórán. (Tá dhá leabhar Gaeilge foilsithe ag eagarthóir *An Lúibín*, ach níl gaois Dé aige.) Ceist í a tháinig chun soiléire le déanaí nuair a d'fhógair na foilsitheoirí Cois Life go raibh siad chun éirí as an ngnó i ndeireadh na bliana 2019. Déarfá go dtí seo go raibh rath ar an ngnó céanna. Tá 104,800 leabhar foilsithe ag Cois Life: sin 155 teideal agus 120 díobh i gcló go fóill. Leabhair shnasta agus cáil na soléiteachta orthu. Ach ní mar a shíltear bítear.

Bhí cúiseanna leis na gcinneadh. Luadh 'crapadh' na Gaeilge, an iomarca riaracháin, easpa scríbhneoirí agus eagarthóirí oilte, easpa léitheoirí agus léirmheastóireachta. Is beag duine a dhéanann scíthléitheoireacht i nGaeilge faoi láthair, agus bhí Cois Life ag brath go mór ar shaothrú na nualitrichta sna hollscoileanna, rud atá ag teip anois orthu. Deir Caoilfhionn Nic Pháidín, duine de cheannairí na comhlachta, go bhfuil Gaeilge na mac léinn imithe chun an donais agus go bhfuil sé an-deacair ag mórán acu tabhairt faoi leabhair Ghaeilge. Agus ansin, ar ndóigh, ceist na margáiochta.

Cuma eile a bheadh ar an scéal, a deir tú, dá mbeadh daoine sásta beagán níos mó leabhar a léamh (nó iad a cheannach ar a laghad). Tá carn saothar ar fáil más áil linn sult a bhaint astu – féach *litricht.com*.

Chuir *Tuairisc.ie* ceist ar scata daoine a bhfuil iomrá leo i gcultúr liteartha na Gaeilge.<sup>1</sup> Dúirt Alan Titley (údar agus acadóir) go raibh 'smut éigin' den cheart sa mhéid a dúradh i dtaobh easpa cleachtadh na léitheoireachta, ach gur chuid de chultúr na linne é:

Bhí mac léinn agam in UCC a dúirt liom go raibh *Ulysses* á léamh acu sa chúrsa Béarla. Nuair a d'fhiafraíos di cad a shíl sí de, dúirt sí – 'I don't know, we only had to read one page!'

Dúirt Anna Heussaff (údar) gurbh fhiú lucht margáiochta a fhóstu chun leabhair a chur chun cinn i measc siopaí, leabharlanna, scoileanna ar fud na hÉireann chun cuidiú le margáiocht na bhfoilsitheoirí féin. agus grúpaí pobail, ba mhór a chuirfeadh sé le hobair mhargáiochta na bhfoilsitheoirí agus na scríbhneoirí féin. Dúirt Tadhg Mac Donnagáin go raibh ábhar dóchais sa mhéadú atá ag teacht ar líon na gclubanna leabhar Gaeilge ar fud na tíre.

---

<sup>1</sup> <https://tuairisc.ie/an-bhfuil-gearcheim-in-earnail-na-foilsitheoireachta-gaeilge-chuireamar-an-cheist-sin-ar-scata-saineolaithe/>

Pobal beag atá ann, ach tá an t-éileamh ag teacht ar an mbealach nua so ón bpobal féin agus is cinnte gur cúis dóchais atá ansin.

Chuir Áine Ní Ghlinn (údar) agus Cathal Póirtéir (cathaoirleach Aontas na Scríbhneoirí) béim ar staid na Gaeilge sna coláistí. Dúirt Ní Ghlinn go raibh múinteoirí bunscoile ann agus gan oiread is leabhar Gaeilge amháin léite ag go leor acu. Níor chuid de na cúrsaí sna coláistí é. Ar éigean mar sin a bheidís in ann spéis a spreagadh i léitheoireacht na Gaeilge. Dúirt Póirtéir nach bhfuil béim ar litríocht na Gaeilge sna coláistí mar a bhíodh ná an cumas cuí teanga ag na mic léinn. Dúirt Éamonn Ó Dónaill (gníomhaí) go raibh mórán mac léinn fós ann a bhfuil Gaeilge an-mhaith acu, go háirithe ó thaobh na teanga scríofa de. Ní raibh sásta le caighdeán na heagarthóireachta, áfach, agus dúirt sé gur chóir d'fhoilsitheoirí daoine óga éirimiúla a aimsiú agus ardscoilleana eagarthóireachta a mhúineadh dóibh.

D'fhiafraíodh Anna Heussaff cén t-iontas gur 200–800 cóip de leabhar Gaeilge a dhíolfaí, i gcomórtas le 2,000 cóip ar a laghad de leabhar Béarla. Caithfear 2,000 cóip den leabhar Gaeilge a dhíol leis na costais a ghlanadh agus ní féidir muinín a chur sa ghnáthléitheoir Gaeilge. Cén t-iontas, a deir sí, an t-éileamh ar dheontais bhreise mar aon le ceannach breise ó scoileanna agus ó ollscoileanna?

In Éirinn féin bheadh súil agat go dtiocfadh bláthú ar na clubanna leabhar úd a luaigh an Donnagánach. Níl a fhios againn cá mhéad leabhar a scaiptear thar lear trí *litriocht.com*, ach i Meiriceá Thuaidh atá cuid mhaith de na foghlaimeoirí nua, agus b'fhéidir go dtiocfadh dúil sa léitheoireacht acu, mura bhfuil sí acu cheana. Ach beidh gá leis na deontais go ceann i bhfad. I bhfad níos mó ná sna teangacha forleathana, is ionann leabhar Gaeilge a fhoilsiú agus dúileim a thabhairt.

Chun éisteacht le hagallamh le Caoilfhionn Nic Pháidín, teigh go dtí <http://www.raidionalife.ie/ga/eist-siar/> Raidió na Life – An Bricfeasta Blas: Cois Life ag dúnadh (190718).



## Béarla domhanda

Táimid buíoch d'Éamann Ó Ruairc as ár n-aird a tharraingt ar an alt seo ón Guardian: 'Behemoth, bully, thief: how the English language is taking over the planet'. Níl an t-údar, Jacob Mikanowski (a bhfuil Polainnis mar theanga dhúchais aige) i gcoinne an Bhéarla ann féin, ach tá imní mhór air faoin toradh atá ar a bhrú docheansaithe. Is minic a dúradh na rudaí seo cheana, ach tá siad ráite anseo le húire agus le héifeacht. Tá an t-alt le fáil ag

[https://www.theguardian.com/news/2018/jul/27/english-language-global-dominance?CMP=Share\\_iOSApp\\_Other](https://www.theguardian.com/news/2018/jul/27/english-language-global-dominance?CMP=Share_iOSApp_Other)

Sliocht as:

From inauspicious beginnings on the edge of a minor European archipelago, it has grown to vast size and astonishing influence. Almost 400m people speak it as their first language; a billion more know it as a secondary tongue. It is an official language in at least 59 countries, the unofficial lingua franca of dozens more. No language in history has been used by so many people or spanned a greater portion of the globe. It is aspirational: the golden ticket to the worlds of education and international commerce, a parent's dream and a student's misery, winnowed of the haves from the have-nots. It is inescapable: the language of global business, the internet, science, diplomacy, stellar navigation, avian pathology. And everywhere it goes, it leaves behind a trail of dead: dialects crushed, languages forgotten, literatures mangled.



## Teanga gan toradh

Tá sé roinn rialtais déag in Éirinn. Níl oifigeach Gaeilge ag aon roinn déag díobh, agus níl oifigeach Gaeilge lánaimseartha ag aon cheann den chuid eile. Chuir formhór na nAirí in iúl le déanaí nach raibh gá ag a ranna le hoifigeach Gaeilge. Scéal é a scagadh cheana agus a scagfar arís,<sup>2</sup> ach a d'fhágfadh mearbhall ort i gcónaí.

---

<sup>2</sup> <https://tuairisc.ie/nil-oifigeach-gaeilge-lanaimseartha-ag-aon-roinn-rialtais/>

Níl riachtanas Gaeilge ag gabháil le haon phost a bhaineann leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, cé gurb eisean atá freagrach as beartas earcaíochta an Stáit i dtaobh na Gaeilge. Tá cúigear cainteoirí líofa Gaeilge ag obair sa Roinn Gnó, Fiontraíochta agus Nuálaíochta, ach de thimpiste a thit sin amach, is dócha. Tá sé phost sa Roinn Talmhaíochta agus Mara a bhfuil líofacht sa Ghaeilge ag teastáil iontu, ach níl aon Ghaeilgeoirí ag obair ann.

Is iondúil go ndeirtear nach bhfuil éileamh ar sheirbhísí i nGaeilge. Tá an ceart ag an té a deir é, sa mhéid nach fiú leis an gcuid is mó de Ghaeilgeoirí a dhéanann teagmháil le ranna rialtais Gaeilge a úsáid agus a fhios acu go maith nach bhfuil cabhair le fáil ach trí Bhéarla. Ach mar a áiríodh in *An Lúibín* tamall ó shin, is dócha go bhfuil Gaeilge líofa (nó measartha líofa) ag timpeall 6% de dhaonra na tíre sna cathracha amháin. B'fhiú a fhiafraí, mar sin, cén fáth nach bhfuil a rian sin le haithint ar an státchóras.

Ba dhóigh leat gur léir don té is daille amach faoin am seo nach bhfuil toil an phobail ná an rialtais le neartú mór a dhéanamh ar an nGaeilge i gcúrsaí poiblí. Glactar leis gurb é sin réimse an Bhéarla, cibé caint a chloisfeá faoi áit na Gaeilge ann. Ach is beag duine a d'fhógródh sin os cionn cách agus greim na hidé-eolaíochta cultúrtha chomh teann sin fós – idé-eolaíocht a fáisceadh as an Athbheochan agus a chothaíonn an siombaileachas fós. Is gnách le gníomhaithe Gaeilge 'fimínteacht' a thabhairt ar fhógraí dóchasacha na bpolaiteoirí. Ach ba mhór an cuidiú súil ghéar fhuarchúiseach a thabhairt ar an ladar a chuireann an Stát sa mhias seo agus a fhiafraí an fiú an tairbhe an trioblóid. Cén difríocht a dhéanfaí d'fhéiniúlacht nó do mhisneach na tíre dá gcaithfí an Ghaeilge éigeantach nó pleananna teanga faoi thóin cártaí?

Mar sin féin, más mian leis an Stát leanúint air ag cothú na Gaeilge ar a dóigh fhuarbhruite féin tá rudaí ba cheart a dhéanamh. Ní fada ó tuairiscíodh go raibh oifigigh sa Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí ag smaoinemh ar phainéal cainteoirí dúchais Gaeilge a bhunú chun go mbeadh foirmeacha Gaeilge na roinne inléite nó soléite féin.<sup>3</sup> Tá dianghá leis i ngach roinn. Ba é an an Teachta Dála Éamon Ó Cuív, fear nach bhfuil Gaeilge de dhíth air, a dúirt gur minic a bhíonn ar dhuine breathnú ar an bhfoirm Bhéarla le ciall a bhaint as an leagan Gaeilge. Aontaímid ó chroí leis.

Fadhb eile an mhoill atá ar leaganacha Gaeilge d'achtanna a sholáthar in am cuí. Tá achtanna ann a shínigh an tUachtarán sa bhliain 1979 agus nach bhfuil ar fáil i nGaeilge fós. Dúirt urlabhraí de chuid an rialtais nach raibh ach trí dhuine is fiche ag obair i rannóg an aistriúcháin, rud ba chúis leis an mhoill, in éineacht le castacht na hoibre. Ach sa bhliain 2011 dúirt an Breitheamh Hardiman sa Chúirt Uachtarach nár chóir don Stát leanúint den mhoilleadóireacht agus go gcaithfeadh an Stát a dhualgais a chomhlíonadh. Is fada an feitheamh a bheidh orainn leis.

Ba dhóigh leat go bhfuil an Stát i ngreim an dá bhruach sna cúrsaí seo. Ní thréigfidh an pobal mór an Béarla, agus níl aon chuspóir soiléir ag na polasaithe teanga atá fógartha nó in ainm is a bheith á gcur i bhfeidhm. Dátheangachas, siombaileachas, blaisín aduain den dúchas – ní léir céard tá á lorg. Is léir, áfach, nach é an Stát is fearr chun an teanga a chur chun cinn. Gníomhaithe Gaeilge is fearr chuige sin, cé gur féidir leis an Stát cuidiú leo le deontais agus corrchupán tae. Agus má tá an Stát leagtha amach i ndáiríre ar rud fóna a dhéanamh sna scoileanna lán-Bhéarla, cuirtear an bhéim ar an gcaint sna bunscoileanna agus ligtear do na daltaí a rogha teanga a fhoghlaim ina dhiaidh sin. Ar choinníoll, ar ndóigh, go bhfuil múinteoirí ann a mhúinfidh an Ghaeilge le fonn. Agus sin an deacracht is mó.



### **An teas a léirigh séadchomhartha**

Tonn teasa in Éirinn agus daoine ag bárcadh allais. Níorbh é an chéad uair acu é, ach ba dhéine an seal seo ná na tréimhsí eile. Ach bhí rath air ó thaobh na seandálaíochta de, rud a tuairiscíodh go forleathan: fuarthas amharc ar heinse (imfhálú cruinn) láimh le Brú na Bóinne nach raibh a rian feicthe leis na céadta bliain. Agus ba dheacair é a dhéanamh gan ladrann a úsáid.

---

<sup>3</sup> <https://tuairisc.ie/machnamh-a-dheanamh-ar-phainéal-cainteoiri-gaeilge-a-bhunu-chun-aghaidh-a-thabhairt-ar-fhoirmeacha-stait-nach-dtuigtear/>

Bhí na páirceanna chomh tirim sin gurbh fhurasta a fheicéail cár lonnaigh an taise i lorg an heinse agus glaise an bhairr a aithint san áit sin thar a raibh ag fás sa chuid eile den pháirc.



ENTRANCE TO THE GREAT CAIRN OF NEW GRANGE, ON THE BOYNE, NEAR DROGHEDA

Brú na Bóinne roimh athchóiriú a dhéanamh air.

*Wikimedia Commons*

Tógadh Brú na Bóinne timpeall 3,000 RCh agus tógadh an heinse timpeall 300 bliain ina dhiaidh sin. Glactar leis go bhfuil Brú na Bóinne suite i lár limistéir leathain naofa, agus maítear go bhfuil an heinse ‘nua’ seo ar na struchtúir a tógadh sa timpeallacht chun dídean a thabhairt d’oilithrigh.

Ní raibh de chuma ar an mBrú féin le fada an lá ach tulach mhór. Sa 17ú haois rinneadh tochailt ann ar lorg cloch agus thángthas ar an mbealach isteach. Rinneadh siortú ann agus rinne ársaitheoirí an áit a iniúchadh agus a thomhas. Sa 19ú haois ritheadh an tAcht Cosanta Séadchomharthaí Ársa, agus sa bhliain 1882 cuireadh an Brú faoina chaomhnú; thosaigh seandálaithe ag déanamh taighde ar an áit. Sna seachtóidí rinneadh iarracht ar dhreach stairiúil an Bhrú a athchruthú, iarracht atá ag tógáil conspóide fós.

Is déanaí go mór Brú na Bóinne ná na hiarsmaí deasghnáthacha a gheofa san Astráil, mar shampla; níor tógadh an Brú níos luaithe ná 4500 RCh. Mar sin féin, is láithreán ar leith é, fiú má ghlacann tú leis gur dreach neamhstairiúil atá air faoi láthair. Cuid de Thuismeadh na tíre é, rud a chuireann i gcuimhne duit fréamhacha domhaine an dúchais.

**Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).**

*If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au) .*

**Dhá dhán le Colin Ryan. Cnuasach foilsithe aige i 2017 (*Corraí na Nathrach, Coiscéim*).**

### **Athinsint**

B'eo chugainn anois lá an bhrátha  
an chathair ag leá ina samhradh féin  
cogar na sinsear inár gcroí istigh  
ag áitiú orainn meabhrú  
ar an solas a líonadh na súile na lámha  
ar bhlas an bhróin is an uachtair reoite  
is an fharraige ag cnagadh  
ar charraig na haille

An ghrian ag luí go dtiocfadh griana eile  
ag breith leo rian na ndomhan a d'imigh  
ag breith leo dheannach spréite na gcnámh  
ag giniúint scáil úrchruinne  
i súile an linbh

### **Ar síobadh**

Ina suí di sa tram ar Bhóthar Sydney  
chonaic sí roimpi na taisí ag imeacht le fána  
thar dheatach cumhra na húcaí  
thar shiopaí gúnaí bainise (gile na gile)  
thar chaint na seanfhundúirí  
i dTurcais i nGréigis

Na taisí ina sruth gan ghol gan gháire  
ag déanamh ar aigéan ar réalta  
is na sráideanna seanchleachta  
ag déanamh éirí slí orthu:  
Albion Blyth Victoria

Na táinte ar síobadh  
ag tiontú gan toirm ina solas  
is an tram ar bhealach na gréine